# AR CHUALA TÚ?

## An Cósta Thiar & An Campa Muireolaíochta



Bhí sé go hálainn cuid de phobal Chonamara Láir a fheiceáil ar an gclár iontach, 'An Cósta Thiar' ar an 9ú Feabhra. Ba údár ríméad ach go háirithe a bhí ann do Phleanáil Teanga Chonamara Láir go raibh píosa faoin gCúrsa Muireolaíochta ar an gclár. Ba é an chéad chúrsa dá leithéid de chuid Acadamh na hOllscolaíochta, Gaillimh, a reáchtáladh trí Ghaeilge. D'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir é i mí Iúil seo caite agus táthar ag súil é a reáchtáil arís i mbliana. Thug an cúrsa seo eolas bunúsach dona scoláirí faoi eolaíocht na mara ag clúdach ábhair ar nós ár bpobal chósta, an fharraige oscailte, an fharraige dhomhain, truailliú agus imscrúdú ar an nasc atá idir na daltaí féin leis an bhfarraige timpeall orthú.

Caithfidh muid buíochas ó chroí a ghlacadh arís leis an múinteoir iontach, Róisín Ní Bhriain, agus an cúntóir Fiona Bhreathnach, a bhí le feiceáil ar an gclár. Ní féidir dearmad a dhéanamh ar na daltaí a bhí thar barr agus iad ar an teilifís ag foghlaim agus caint faoina dtimpeallacht mhuirí.

Ar ndóigh, buíochas mór le ANIAR a a rinne an taifeadadh ar cheann de na laethanta. Bhí an-spraoi againn le hÁine agus an criú agus cinnte is clár speisialta a bhí ann.





Tar éis an chruinnithe poiblí fiúntach a bhí ar siúl in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ar an 8ú Feabhra chun an fhéidearthacht a bhaineann le club spóirt uisce a fhorbairt do cheantar Chonamara Láir a phlé, tháinig grúpa daoine chun tosaigh agus bhunaigh siad coiste chun tús a chur leis an gclub.
D'aontaigh an coiste de naonúr, a dhéanann ionadaíocht ar na réimsí spóirt uisce éagsúla sa cheantar agus le tacaíocht cabhrach agus comhairle proifisiúnta ó Mháirin, Oifigeach Forbartha FCL Teo., Club Mara Chonamara Lair a bhunú go hoifigiúil. Club spóirt neamhbhrabúsach a bheidh ann a chuirfidh seoltóireacht ar fáil i mbáidíní agus húicéirí, chomh maith le iomramh, canúáil, bádóireacht innill agus spóirt uisce eile. Bainfidh na spóirt leas as na spásanna mara iontacha éagsúla atá sa cheantar- ar nós Cill Chiaráin, Aird Mhóir, Carna agus Glinnsce- agus san am céanna déanfar ceiliúradh ar stair mhuirí, cultúr, traidisiún agus teanga an phobail. Beidh an Club oscailte agus fáilteach roimh gach duine sa phobal agus díreofar ar bhallraíocht teaghlaigh agus gnáthbhallraíocht ar dtús. Ar ndóigh, beidh sé faoi árachas iomlán, mar bhall den Bhord Rialaithe Náisiúnta Seoltóireacht na hÉireann, agus cloífidh an club leis na treoirlínte sábháilteachta ar fad ar nós Cosaint agus Sábháilteacht Mhuirí.
Tá sé beartaithe ag an gClub tús a chur le feachtas poiblíochta chun cuireadh a thabhairt do bhaill nua a bheith páirteach sa chlub ar Lá Fhéile Pádraig agus beidh flóta acu sna paráidí áitiúla. Ansin, le linn an deireadh seachtaine sin, beidh deis ag daoine triail a bhaint as seoltóireacht saor in aisce ag brath ar aimsir.
Ar feadh an chéad chúpla mí den Earrach, díreoidh an Club ar an oiread daoine fásta agus is féidir leo a fháil a bhfuil taithí seoltóireachta acu, atá in ann currach a stiúradh, canú a threorú agus bád tarrthála a thiomáint ionas gur féidir leo ceannaireacht shábháilte spraíúil a thabhairt do na páistí i rith an tsamhraidh. D'fhéadfadh go leor bád éagsúil a bheith i gceist i seisiúin uisce áirithe agus uaireanta b'fhéidir nach mbeadh i gceist ach roinnt iomramh nó bádóireacht innill, ag brath ar an aimsir nó ar mhaoirseacht, ach is é an príomh rud ná go mbeaidh siad sábháilte agus spraíúil i gcónaí. Is í fís fhadtéarmach an Chlub ná go mbeidh gach duine in ann blaiseadh a fháil ar na spóirt iontacha seo go háitiúil, trí Ghaeilge, agus go bfhorbrófar tionscadail ar nós cáilíochtaí traenála, cúrsaí tógála bád agus nascadh le himeachtaí áitiúla le himeacht ama.
Socrófar suíomh idirlín agus leathanach Facebook/Instagram suas go luath ach go dtí sin is féidir dul i dteagmháil le cathaoirleach an chlub, Ciarán Ó Murchú, trí 087-8800744 nó ciaran@sailing.ie.






# Lá Eolais 2022

Tá muid ar bís agus muid ag eagrú Lá Eolais/Oscailte i gConamara Láir ar an Déardaoin, an 3ú Márta 2022. Tá an t-ádh orainn go mbeidh Anna Ní Ghallachóir, Cathaoirleach Bord Údarás Na Gaeltachta linn chun an ocáid seo a oscailt go hoifigiúil. Beidh deis ag scoláirí agus pobal Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir teacht isteach ag Ionad Pobail Chill Chiaráin agus eolas a bhailiú maidir le gairmeacha éagsúla, eolas ar chúrsaí atá á n-ofráil ag institiúidí tríú leibhéal agus printíseachtaí. Beidh dhá sheisiún ar siúl againn le haoichainteoirí aitheanta agus spreagúil:

- Seisiúin ar maidin ón 10.30r.n – 12.30i.n
- Seisiúin tar éis lóin 1.30i.n – 3:30i.n

Tá súil againn go spreagfadh ócáid den chineál seo scoláirí agus an pobal le muinín agus féin forbairt, agus go bhforbróidh sé a saol oideachais don todhchaí. Ni bheidh aon chostas ar an ocáid seo ach tá súil againn go mbuailfidh sibh isteach go dtí muid. Ní bheadh a fhios agaibh, céard eile a bheadh againn ar an lá...







## Comórtas Amhrán Nua-Chumtha

Tá lúcháir orainn an comórtas "Bí Scríobh 's Bí Gábhail Fhionn" a fhógairt don phobal!
Is comórtas amhrán nua-chumtha é a bheas mar chuid d'Fhéile Joe Éinniú na bliana seo. Mar a léiríonn an póstaer ar chlé, tá dhá chatagóir i gceist agus duaiseanna iontacha do na buaiteoirí. Tá na treoracha simplí go maith:

- Amhráin i nGaeilge amháin, nár chualathas go poiblí cheana.
- Áireofar feabhas na liricí, oiriúnacht an cheoil agus cur i láthair an amhráin sa mholtóireacht.
- Níl aon teorainn leis an líon iontrálacha gur féidir le cumadóir a chuir isteach.
- Glacfar le gach aon seánra agus stíl amhránaíochta;
- Is faoin gcumadóir féin atá sé téama a roghnú.

Is é an spriocdháta chun clárú ná an 16ú Márta 2022.
Beidh Féile Joe Éinniú ar siúl ón 29ú Aibreán - 2ú Bealtaine agus beidh deis agaibh bhur n-amhráin a chuir ar stáitse.

Nua na MARA
IONAD NUÁLAÍOCHTA AGUS FORBARTHA NA MARA

*le Cliodhna Ní Ghríofa*
*(Bainisteoir Forbartha Gnó)*

**Bunaíodh Nua na Mara, nó MIDC Páirc na Mara, i 2018 agus fuair muid maoiniú faoin gclár REDF ó Fhiontraíocht Éireann chomh maith le Údarás na Gaeltachta. Tugadh an maoiniú sin chun bainisteoir a chur i bhfeidhm ar an togra agus ionad nuálach gnó a thógáil ar shuíomh Pháirc na Mara. Ach mar gheall ar an mhoill le Páirc na Mara de bharr cúrsaí pleanála de, ní raibh aon dul chun cinn leis an togra ó 2018. Ansin, i 2021, rinne Fiontraíocht Eireann agus an tÚdarás an cinneadh tús a chur leis an togra seo chun tapú ar na deiseanna agus an earnáil seo a fhorbairt sa Ghaeltacht anois le na hachmhainní atá idir lámh.**

**B'fhéidir go raibh daoine ar an eolas faoi MIDC cheana ach tá ainm nua againn anois, sin 'Nua na Mara'.**

**Ceard é Nua na Mara?**


**Is ionad forbartha nuálaíoch na mara é go ginearálta a bhíonn ag tacú le:**

- **comhlachtaí atá ag feidhmiú sa cheantar faoi láthair chun féachaint chun cinn agus iad a spreagadh le bheith nuálaíoch**
- **gnóanna nua a bhunú sa Ghaeltacht, go bunúsach fiontraí, taighdeoirí ollscoile, gnólachtaí beaga nó móra atá ag feidhmiú in earnáil na mara agus iad a mhealladh chuig an Ghaeltacht.**
- **toisc go bhfui gné pobail lárnach sa ról atá agam freisin, cinntiú go bhfuil scileanna agus taithí mhuintir na háite á bhforbairt agus tapú ar na deiseanna fostaíochta atá amach romhainn.**

**Táimid ag iarraidh an nasc a láidriú idir taighde, nuálaíocht agus earnáil na mara.**

**Go bunúsach, tá muid ag tacú le gnólachtaí trí:**

- **cúrsaí, oiliúint agus comhairle gnó a chur ar fáil**
- **líonrú agus nasc le institiúid idirnáisiúnta a láidriú**
- **áiseanna a chuir ar fáil- gteics (deasca nó oifigí), ionaid ghnó/monarchana**
- **má tá breis taighde le déanamh, tá nasc láidir againn le hollscoileanna i nGaillimh chun tacaíocht taighde a thabhairt**
- **maoiniú- gníomhaímid mar nasc maoinithe idir gnólachtaí agus na foinsí maoinithe atá ar fáil ón Údarás agus tugann muid comhairle chomh maith faoi fhoinsí maoinithe eile. Breathnaímid ar infheistíochtaí chun cinntiú go bhfuil na comhlachtaí seo ag díriú nó ullmhaithe d'infheisteoirí.**




**Beidh clinic gnó á reáchtáil againn go gairid. Is éard atá i gceist leis seo ná go mbeidh mise ar fáil do dhaoine a bhfuil smaoineamh gnó acu nó ag iarraidh plé a dhéanamh faoi réimsí mara a fhorbairt. Beidh mé ar fáil gach Déardaoin i gTeic Charna ón 11-2 agus tá fáilte roimh aon dhuine atá ag iarraidh labhairt liom. Is féidir leo cruinniú a chuir in áirithe trí r.phost a sheoladh chuig cliodhna@midc.ie. Beidh níos mó imeachtaí, deiseanna líonraithe agus cúrsaí á reáchtáil againn sna míonna amach romhainn. Bí cinnte súil a choinneáil ar ár leathanach LinkedIn nó ar leathanach Facebook Pháirc na Mara.**

## 'Is namhaid an cheird gan í a fhoghlaim'



Tá Ionad Oideachais Phobail an Chaisil & Ghlinnsce, faoi scáth Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, a bhíonn ag rith ranganna oideachais pobail, ag tosnú sraith nua de chúrsaí í mí an Mhárta seo í gCarna, Glinnsce, An Caiseal & ar an Sraith Saileach.



Táthar ag súil dhá cheardlann a reáchtáil a bheidh ar siúl thar an deireadh seachtaine:
- CAOLADÓIREACHT
- DEARADH AGUS PRIONTÁIL CÁRTAÍ ÓCÁIDÍ (le nathanna cainte as Gaeilge)

Reáchtálfar na cúrsaí eile ar maidin nó sa tráthnóna ag brath ar an éileamh a thagann ón bpobal;
RANGANNA FUÁLA, OBAIR PHÍOSÁLA, CNIOTÁIL & CUMHDACH TROSCÁIN.





Bheadh na ceardlainne thuasluaite feiliúnach don chlann ar fad.
Ní mhór d`ainm a chuir san áireamh roimh ré agus in am chun seans a bheith agat páirt a ghlacadh sna himeachtaí seo.

Riomhphost: cashelbtei@gmail.com nó fclteo@conamaralair.ie

Ag clárú anois do chúrsaí creidiúnaithe QQI:
- Foilsitheoireacht Deisce
- Aithint plandaí & Ag Fás Glasraí
- Sláinte agus Sábháilteachta ( Leibhéal 3 & 4)
- Scileanna Idirlín
- Dearadh Grafach (Intreoir ghinearálta do photoshop)
- Inniúlacht ar Ríomhairí
- Na Meáin Dhigiteacha
- Próiseáil Focal

**Iarratas ar líne:**
**https://train.fetchcourses.ie/**
**Breis eolais: cashelbtei@gmail.com**
**Fón: 095 31052 - 0872279878/086067951**

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

btei
Back to Education Initiative

QQI
Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# Comórtas Green Isle

**Ghlac muid páirt i gcomórtas a bhí dhá reácthtáil ag an gcomhlacht bia reoite Green Isle. Is éard a bhí i gceist leis an gcomórtas ná mias sláintiúil a dhéanamh ag úsáid tairgí le Green Isle. Fuair muid cúnamh ón muinteoir tíos Lisa Uí Mhaoilchiaráin agus an comhordaitheoir Roisín Ní Chonfhaola chun na miasa a eagrú. Bhí cheithre ghrúpa agus d'ullmhaigh muid uilig mias difriúil. Rinne dhá ghrúpa císte cáise, grúpa eile anraith agus an grúpa deireanach ‘ burrito’ veigeánach. Bhain muid uilig an-taitneamh as agus agus tá súil againn go mbuafaimid rud éigin deas**
**Tá an t-oideas de gach mias agus na pictiúir le feicáil ar leathanach Instagram Green Isle. Ba taithí iontach a bhí anseo dúinn ar fad!**

**- Abaigh Bairéad**











# Coirnéal Chomhrá- 'Ar Chuala Tú?'



**Aoi na míosa:** Micheál Ó Clochártaigh, Oifigeach Forbartha Tionscnaimh

1. **Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Is Michael orm ach is Micheál nó Michael a thugtar orm.
2. **Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Leitir Ard
3. **Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Is buntáiste iontach dúinn ar fad go bhfuil muid sa Ghaeltacht agus gurb í an Ghaeilge ár bpríomhtheanga. Bhí an t-ádh orm post a fháil dá bhrí seo ag sa cheantar.
4. **Ar fhás tú suas sa cheantar seo?** Rugadh mé i Londain Shasana ach d'fhill muid abhaile go Leitir Ard nuair a bhí mé óg.
5. **An bhfuil tú sásta go shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?** Tá mé thar a bheith sásta mar níl aon áit ar an domhan níos fearr ná ceantar Iorras Aithnigh
6. **An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge?** Tá mar go bhfuil mé ag obair sa cheantar d'Údarás na Gaeltachta agus déanaim mo chuid oibre ar fad trí Ghaeilge.
7. **Céard é an deoch is fearr leat?** Ní ólaim móran ach is breá liom buidéal fuar Peroni anois agus arís.
8. **An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is breá liom mé féin a choinneáil aclaí agus tar éis dom críochnú ag imirt peile thosaigh mé ag rith agus déanaim roinnt mhaith rothaíochta freisin.
9. **An tsaoire is mó is cuimhin leat agus cén fáth?** Caithfidh mé a rá Orlando, Florida – bhí sé dochreidte agus bhí an-spraoi go deo againn. Tá muid ag súil dul ar ais arís lá éigin leis na gasúir.
10. **Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Aon scannán nach bhfuil ró Sci- Fi, is breá liom clár faisnéise faoi spóirt & stair
11. **Cén cartún ina raibh suim agat ann agus thú ag fás aníos?** Tom & Gerry agus Pop Eye- ba iad an t-aon cinn a bhí ann ag an am.....
12. **Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Is dócha leabhar maith staire nó spóirt
13. **An noiméad an lae is fearr leat?** Ag siúl isteach an doras tar éis bheith amuigh ag rith.
14. **An raibh aon tionchar mór ag pandéim an Covid-19 ort?** Bhí tionchar aige cinnte ó thaobh bheith ag obair ón baile agus gan mórán daoine a fheiceáil ar feadh píosa ach, ar an taobh eile, bhí sé an-deas a bheith sa mbaile agus ag caitheamh níos mó amaleis na gasúir.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Mary Uí Fhlatharta a bhuaigh comórtas mhí Feabhra. Tógadh an pictiúr álainn seo in aice le Droichead Uí Fhlannabhra, i gCoill Sáile Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.

Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí na Márta chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

### Inbhear

Is éard atá in inbhear ná limistéar ina mbuaileann abhainn nó sruthán fionnuisce leis an bhfarraige.

## Seanfhocal na Míosa:

Is annamh earrach gan fuacht.

---

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir — conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.